



An Coimisiún
Eorpach



CASP2022

Gníomhaíochtaí Comhordaithe
maidir le Sábháilteacht Táirgí



Treiseoir
cumarsáide



Tuarascáil
chríochnaitheach

Clár ábhar

Clár ábhar	2
Liosta giorrúchán	2
Achoimre feidhmiúcháin	3
Cuid 1	
1. Forbheathnú ar ghníomhaíocht treiseoir cumarsáide	4
1.1. Réamhrá agus príomhchuspóirí	4
1.2. Forléargas ar na ÚFManna rannpháirteacha	4
2. Príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí	5
2.1. Scóipeáil na gníomhaíochta	5
2.2. Cur chuige oibre	6
2.3. Réitigh a shaináithint agus uirlisí agus táirgí insóláthartha a fhorbairt	9
3. Conclúidí	11
3.1. Cumarsáid inmheánach	11
3.2. Cumarsáid sheachtrach	11
Cuid 2	
1. Cad é CASP?	13
Ról agus freagrachtaí	
2. Plean oibre Gníomhaíochtaí Cothrománacha	14
3. Forbheathnú ar chur chuige na nGníomhaíochtaí Cothrománacha	15

Liosta giorrúchán

GIORRÚCHÁN	CUR SÍOS
AE	Aontas Eorpach
CASP	Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí
DG JUST	Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais agus na dTomhaltóirí
EC	An Coimisiún Eorpach
EO	Oibreoir eacnamaíoch
HA	Gníomhaíocht chothrománach
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (AE27 + an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua)
PSA	Gníomhaíocht a bhaineann go sonrach le táirge
ÚFM	Údarás um fhaireachas margaidh

Achoimre feidhmiúcháin

Cuspóirí

Is é is aidhm don tionscadal Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí (CASP) 2022 sábháilteacht táirgí sa mhargadh aonair Eorpach a fheabhsú trí chomhoibriú idir na húdaráis faireachais margaidh uile san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tá gníomhaíocht Treiseoir Cumarsáide CASP2022 dírithe ar dhá phríomhchuspóir:

- Uirlisí agus treoir a chur ar fáil d'údaráis faireachais margaidh chun cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta/áitiúil trí úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla meán;
- Straitéis choiteann a chuíchóiriú agus a phleanáil chun ábhar cumarsáide a tháirgtear do ghníomhaíochtaí CASP a scaipeadh agus a úsáid ar bhealach níos fearr.

Torthaí

1. Doiciméad treorach ina dtugtar achoimre ar «Cur chuige coiteann agus dea-chleachtais maidir le cumarsáid CASP»;
2. Ceardlanna Treiseoir Cumarsáide & oiliúint le blúirí físe mar thoradh air.

Conclúidí agus moltaí

Ba é cuspóir na gníomhaíochta feabhas a chur ar iarrachtaí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha na n-údarás faireachais margaidh a bhaineann le sábháilteacht táirgí. Shainaithin gníomhaíocht an Treiseora Cumarsáide riachtanais, dúshláin agus dea-chleachtais shonracha a bhaineann le húsáid uirlisí agus acmhainní cumarsáide chun ról níos gníomhaí a chothú do na ÚFMnna ó thaobh ábhar cumarsáide a fhorbairt agus a scaipeadh.

Cumarsáid inmheánach

- Is féidir le húdaráis faireachais margaidh tairbhe mhór a bhaint as eispéiris agus ábhair a bhaineann le cumarsáid a roinnt. Is féidir le húdaráis níos lú go háirithe nó iad siúd nach bhfuil aon saineolas cumarsáide ar leith acu foghlaim ó thaithí agus ó shócmhainní comhghleacaithe eile chun éifeachtacht a straitéisí cumarsáide a fheabhsú.
- Ba cheart go gcruthófaí líonra Eorpach gairmithe cumarsáide le haghaidh sábháilteacht táirgí mar an chéad chéim eile chun naisc bhreise a chruthú a chumasóidh comhoibriú ar thopaicí cumarsáide.

Cumarsáid sheachtrach

- Bunaithe ar thaithí, tá sé cruthaithe gurb é cur chuige tráthúil i leith feachtais chumarsáide atá dírithe ar chatagóirí táirgí nó ar shaincheisteanna sábháilteachta táirgí an ceann is éifeachtaí.
- Chun a áirithiú go mbeidh feachtais chumarsáide níos éifeachtaí agus níos athshondaí le tomhaltóirí i dtíortha éagsúla, ba cheart roghanna maidir le [comhbhrandáil nó logánú](#) a bheith san áireamh i sócmhainní cumarsáide. I gcomhréir le torthaí shuirbhé ÚFM, sainaitníodh trí réimse comhoibrithe a d'fhéadfadh a bheith ann:
 1. is féidir údaráis bheaga gan roinn cumarsáide a spreagadh chun sócmhainní cruthaitheacha CASP a roinnt ar a suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta;
 2. féadfar cuireadh a thabhairt d'údaráis níos mó a bhfuil rochtain acu ar roinn bheag cumarsáide oibríochtaí comhbhrandála a dhéanamh;
 3. D'fhéadfadh údaráis níos mó a bhfuil roinn láidir cumarsáide acu a bheith freagrúil do thairiscint logánaithe iomlán.

1. Forbhreathnú ar ghníomhaíocht treiseoir cumarsáide

1.1. Réamhrá agus príomhchuspóirí

Ceapadh an ghníomhaíocht chun cur ar chumas na ÚFManna - bíodh baint acu le gníomhaíochtaí cumarsáide ina n-údaráis faoi seach nó ná bíodh - riachtanais agus dúshláin chumarsáide éagsúla a phlé agus dea-chleachtais, teimpléid agus treoir maidir le feachtais chumarsáide rathúla a roinnt. Dhírigh an ghníomhaíocht freisin ar mhalartú agus comhar a chothú i measc na ÚFManna chun líonra gairmithe cumarsáide a thógáil agus a chothabháil.

Leagtar amach thíos cuspóirí sonracha na gníomhaíochta.

- Na huirlisí agus an treoir a chur ar fáil do ÚFManna chun cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta/áitiúil trí úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla meán;
- Straitéis choiteann a chuíchóiriú agus a phleanáil chun ábhar cumarsáide a tháirgtear do ghníomhaíochtaí CASP a scaipeadh agus a úsáid ar bhealach níos fearr.

1.2. Forléargas ar na ÚFManna rannpháirteacha

Ghlac 17 ÚFM ó 13 Bhallstát éagsúla páirt i ngníomhaíocht an treiseora cumarsáide, mar a léirítear sa tábla thíos.

AN STÁT	ÚFM
An Bhulgáir	An Coimisiún um Chosaint Tomhaltóirí
An Chipir	An Roinn Cigireachta Saothair - An Aireacht Saothair, Leasa agus Árachais Shóisialaigh
An Eastóin	An tÚdarás Rialála Teicniúla agus Cosanta Tomhaltóirí
An Fhionlainn	Institiúid Chomhshaoil na Fionlainne
An Fhrainc	An Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht Tomhaltóirí agus Rialú Calaoise Seirbhís monatóireachta feithiclí agus innill - Aireacht Trasdulta Éiceolaíochta agus Comhtháthaithe Críche/Aireacht Fuinnimh Trasdulta
An Ghearmáin	An Aireacht Comhshaoil agus Cosanta Tomhaltóirí Saarland Rialtas Dúiche Düsseldorf Rialtas Ceantair Detmold
An Laitvia	Ionad um Chosaint Cearta Tomhaltóirí
An Liotuáin	An tÚdarás Stáit um Chosaint Cearta Tomhaltóirí
An Ostair	An Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Sóisialta, Sláinte, Cúraim agus Cosanta Tomhaltóirí
An Pholainn	An Oifig Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí
An tSeicia	An Aireacht Tionscail agus Trádála Údarás Cigireachta Trádála na Seice
Éire	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Lucsamburg	Institiúid Lucsamburg um Chaighdeánú, Creidiúnú, Sábháilteacht agus Cáilíocht Earraí agus Seirbhísí (ILNAS) - Roinn Faireachas Margaidh

2. Príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí

2.1. Scóipeáil na gníomhaíochta

Ba é raon feidhme na gníomhaíochta Treiseoir Cumarsáide treoir agus uirlisí a chur ar fáil do na Ballstáit chun cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta/áitiúil agus ról níos gníomhaí a ghlacadh i dtáirgeadh agus scaipeadh ábhar cumarsáide seachtraí. Le linn na gníomhaíochta, leag na Ballstáit béim freisin ar an ngá atá le tuiscint níos fearr a fháil ar bhunú institiúideach agus ar obair a gcomhghleacaithe i dtíortha eile ae/LEE agus í a mhalartú ar bhealach níos fearr. D'fhonn a chur ar chumas na ÚFManna nascadh agus comhoibriú níos fearr, forbraíodh suirbhé chun inniúlachtaí ÚFM a mhapáil tuilleadh.


Cé gur chuir torthaí shuirbhé ÚFM túsphointe ar fáil d'fhorbairt na n-uirlisí agus na straitéisí a bhí le cur san áireamh sa doiciméad treorach, thug ceardlann idirghníomhach maidir le riachtanais chumarsáide deis do ÚFManna tús áite a thabhairt do thopaicí chun blúirí físe a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hiarrachtaí laethúla cumarsáide ÚFManna agus iad a threisiú.



2.2. Cur chuige oibre

Rinneadh forbairt ar na blúirí físe agus ar an doiciméad treorach i ndlúthchomhar leis na ÚFManna chun a chinntiú go raibh an plé ar na dúshláin agus ar na réitigh fhéideartha araon ag teacht lena dtosaíochtaí agus lena riachtanais.

Fíor 1 - Cur chuige oibre



Tugtar achoimre ar an obair a rinneadh le linn na gníomhaíochta sa tábla thíos:

Tábla 1 - Achoimre ar ghníomhaíocht an Treiseora Cumarsáide

<p>Roimh an ngníomhaíocht</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bhí agallamh scóipe ar siúl le hOifigigh Deisce ó Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh (DG JUST) • Seoladh suirbhé ullmhúcháin chun tuiscint níos fearr a fháil ar ionchais na ÚFManna, ar an leibhéal eolais atá acu faoi láthair, agus ar an gcur chuige i leith na cumarsáide
<p>Cruinniú tosaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> • Riachtanais agus ionchais na ÚFManna maidir le cumarsáid a mhapáil • Malartú taithí agus dea-chleachtas <ul style="list-style-type: none"> - Roimh an gcruinniú maidir le deiseanna comhoibrithe ar thionscadal CASP - Roimh an gcruinniú maidir le táirgí insoláthartha an tionscadail (m.sh., blúirí físe agus doiciméad treorach)
<p>Cruinniú Idirmheánach 1</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé ar an suirbhé • Struchtúr na cáipéise treorach <ul style="list-style-type: none"> - Cur i láthair uirlisí le haghaidh sócmhainní cruthaitheacha agus comhroinnt taithí - Plé ar roghanna logánaithe le haghaidh sócmhainní cruthaitheacha - Creat agus uirlisí faireachais margaidh agus sábháilteachta táirgí an CE a chur i láthair <p>Doiciméad treorach</p> <ul style="list-style-type: none"> • Seisiúin phlé agus aiseolais ar dhréachtstruchtúr na cáipéise treorach <p>Suirbhé ÚFM</p> <ul style="list-style-type: none"> • An dréachtshuirbhé ÚFM a chur i láthair
<p>Idir Cruinniú idirmheánach 1 agus Cruinniú idirmheánach 2</p> <ul style="list-style-type: none"> • Aiseolas ar dhréachtshuirbhé ÚFM • Plé ar dhréachtstruchtúr na cáipéise treorach
<p>Cruinniú Idirmheánach 2</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé ar bhealaí chun táirgeadh sócmhainní cumarsáide a fheabhsú • Iniúchadh níos doimhne ar bhealaí chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú • Feachtais ÚFM roimhe seo agus sócmhainní cumarsáide a roinnt <p>Doiciméad treorach</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé ar imlíne athbheithnithe na cáipéise treorach <p>Blúirí físe</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceardlann ar ábhar agus ar fhormáid na mblúiríní físe <p>Suirbhé ÚFM</p> <ul style="list-style-type: none"> • Raon feidhme agus eochairfhocail shuirbhé ÚFM a ath-aithint

Idir an cruinniú idirmheánach 2 agus an Cruinniú deiridh

- Seoladh agus dáileadh suirbhé ÚFM i measc na ÚFManna ar fud an AE/LEE
- Tuilleadh forbartha ar an doiciméad treorach bunaithe ar ionchur agus aiseolas na ÚFManna

Cruinnithe deiridh

- Cur i láthair agus seisiún phlé/aiseolais ar thorthaí ghníomhaíocht reatha Treiseoir Cumarsáide 2022
- Plé ar fhormáid an líonra Treiseoir Cumarsáide amach anseo¹
- Cur i láthair maidir le cur chuige cumarsáide CASP2022

Doiciméad treorach:

- Plé ar an leagan athbhreithnithe den doiciméad treorach

Blúirí físe

- Cur i láthair ar an roghnú deiridh de thrí bhlúire físe²

Suirbhé ÚFM

- Torthaí shuirbhé MSA a chur i láthair

Tar éis an chruinnithe dheireanaigh

- Dea-chleachtais/feachtais chumarsáide a roinnt i measc na ÚFManna maidir leis an wiki



¹ Nasc chuig Wiki nua na dTreiseoirí Cumarsáide (logáil isteach an AE riachtanach):

<https://webgate.ec.europa.eu/fpfis/wikis/pages/viewpage.action?spaceKey=ProductSafety&title=COMMUNICATION+ACTIVITIES>

² Tá cúig thopaic roghnaithe ag an ngrúpa oibre. Cuireadh ábhar na dtrí chéad ábhar i láthair agus ceadaíodh é le linn an chruinnithe dheireanaigh. Bhí an dá ábhar eile fós "ag obair ar siúl" agus cuirfear isteach iad níos déanaí trí Wiki CASP2022.

2.3. Réitigh a shainnithint agus uirlisí agus táirgí insoláthartha a fhorbairt

Doiciméad treorach


Le linn na gníomhaíochta, forbraíodh doiciméad treorach ina dtugtar achoimre ar «chuir chuige choiteanna agus dea-chleachtais maidir le cumarsáid CASP» i ndlúthchomhar leis na ÚFManna. Is é is aidhm don doiciméad treoir agus uirlisí a chur ar fáil maidir le conas borradh a chur faoi chumarsáid inmheánach agus sheachtrach na ÚFManna, chomh maith lena gcomhordú gníomhach a spreagadh i bhforbairt agus scaipeadh ábhar cumarsáide.

Sainnithnítear sa doiciméad treorach na féidearthachtaí atá ann do na ÚFManna a n-iarraictear cumarsáide a chur le chéile chun feabhas a chur ar chomhar breise i measc na ÚFManna agus idir ÚFManna agus AS JUST. Áirítear ann bealaí éagsúla inar féidir leis na ÚFManna ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach feabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na dteachtaireachtaí cumarsáide a dhírítear ar thomhaltóirí agus ar EOanna sa Mhargadh Aonair. Trí líonra Eorpach de ghairmithe cumarsáide maidir le sábháilteacht táirgí a chruthú, a shainnithnítear mar an chéad chéim eile le linn na gníomhaíochta, cuirfear ar chumas na ÚFManna leanúint de thaithí agus sócmhainní cruthaitheacha a roinnt amach anseo.

Suirbhé ÚFM

Le linn na gníomhaíochta, chuir na ÚFManna in iúl gur mhian leo tuiscint níos fearr a fháil ar an eagraíocht agus ar inniúlachtaí agus ar obair chumarsáide a gcomhghleacaithe i dtíortha eile ae/LEE agus í a mhalartú ar bhealach níos fearr. D'fhonn feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhordú i measc na ÚFManna agus idir AS JUST agus na ÚFManna, forbraíodh agus seoladh suirbhé i measc na ÚFManna san AE/LEE. D'fhreagair 69 ÚFM ó 23 thír ae/LEE an suirbhé. Leagtar béim ar phríomhthorthaí an tsuirbhé seo sa doiciméad treorach chun cur ar chumas na ÚFManna nascadh agus comhoibriú ar bhealach níos éasca lena gcomhghleacaithe ábhartha. Thairis sin, bunaithe ar fhreagraí an tsuirbhé, d'fhéadfaí trí leibhéal comhoibríthe maidir le feachtais chumarsáide sheachtraigh a shainiú mar a leagtar amach i bhFíor 2.

Fíor 2 - Suirbhé MSA - leibhéil comhoibríthe




Ceardlann ar bhlúirí físe

Chomh maith leis an doiciméad treorach, dearadh an ghníomhaíocht chun blúirí físe a tháirgeadh ar thopaicí cumarsáide a bhfuil sé mar aidhm leo cabhrú le ÚFManna féidearthachtaí a shainaithint chun iarrachtaí cumarsáide a chomhcheangal agus cáilíocht agus éifeachtacht a


sócmhainní cumarsáide a fheabhsú. Mar thoradh ar cheardlann múrghaisithe idirghníomhach roghnaíodh cúig thopaic deiridh a bheidh mar phríomhfhócas chun feachtas branda a chruthú agus ábhair chumarsáide a chur chun cinn.

Fíor 3 - Blúirí físe



Dearadh teimpléad agus rang teagaisc físe maidir le foláirimh bheaga a chruthú ar thopaicí agus ócáidí ar leith chun ligean do ÚFManna teachtaireachtaí cumarsáide spriocdhírthe a tháirgeadh go tapa nuair is gá. Cuireadh teimpléad agus rang teagaisc eile le chéile chun cur ar chumas na ÚFManna a dtaithe agus a gceachtanna a foghlaimíodh ar fheachtas a roinnt chun deis a thabhairt do ÚFManna eile inspioráid agus faisnéis a tharraingt ó rath agus teipeanna feachtas araon. I gcomhréir le hiarraidh na ÚFManna roghanna a cheadú chun sócmhainní cumarsáide a oiriúnú dá bhfeachtas féin, cruthaíodh rang teagaisc físe ina raibh treoirlínte comhbhrandála.

Ullmhaíodh samplaí agus teimpléad freisin chun comhbhrandáil na n-ábhar cumarsáide CASP atá ar fáil a éascú. Ar deireadh, dírónn dhá bhlúire físe ar úsáid na meán sóisialta le haghaidh cumarsáide, a aithníodh mar threocht agus dúshlán ceannasach do ÚFManna le linn na gníomhaíochta. Cé go dtugann rang teagaisc amháin na príomhchainéil meán sóisialta isteach agus go moltar samplaí de theachtairachtaí éifeachtacha a chuirtear in iúl trí na meáin shóisialta, dírónn an físeán eile ar Instagram mar chainéal tábhachtach le cur san áireamh i bhfeachtas chumarsáide.



3. Conclúidí

3.1. Cumarsáid inmheánach

Éagsúlacht in inniúlachtaí ÚFManna agus saineolas cumarsáide

Tá éagsúlacht mhór idir struchtúr, eagrú agus inniúlachtaí na ÚFManna – baineann an rud céanna le ranna cumarsáide na ÚFManna, de réir mhapaíl ÚFManna a bhfuil na conclúidí seo a leanas mar thoradh air:

- Is beag ÚFM rannpháirteach a thuairiscíonn go bhfuil roinn mhór cumarsáide acu;
- tá roinn bheag ag roinnt ÚFManna rannpháirteacha nach bhfuil mórán fostaithe aici;
- tagraíonn daoine eile do roinn lárnach laistigh den aireacht lena mbaianeann siad;
- nach bhfuil roinn cumarsáide ag leath de na ÚFManna rannpháirteacha.

Líonra Eorpach de ghairmithe cumarsáide le haghaidh sábháilteacht táirgí

Is féidir le ÚFManna tairbhe mhór a bhaint as taithí agus ábhair a bhaineann le cumarsáid a roinnt. Is féidir le ÚFManna atá níos lú go háirithe nó iad siúd nach bhfuil aon saineolas sonrach cumarsáide acu foghlaim ó thaithí agus ó shócmhainní comhghleacaithe eile chun éifeachtacht a straitéisí cumarsáide a fheabhsú. Chun feabhas a chur ar an staid reatha, agus chun leanúint leis an malartú agus leis an gcomhar maidir le hábhair chumarsáide amach anseo, cruthaíodh líonra Eorpach treiseoirí cumarsáide le haghaidh sábháilteacht táirgí. Déan teagmháil le JUST-B4@ec.europa.eu chun tuilleadh eolais a fháil.

- Tá leathanach vicí na ngníomhaíochtaí Cumarsáide ar fáil ag an nasc seo a leanas: [GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUMARSÁIDE - Sábháilteacht Táirgí Tomhaltóirí AE - Extranet Wiki CE \(europa.eu\)](#) (is gá logáil isteach san AE le haghaidh rochtana).

3.2. Cumarsáid sheachtrach

Cur chuige tráthúil dírithe ar chatagóirí táirgí nó ar shaincheisteanna sábháilteachta táirgí

Leagann roinnt ÚFManna béim ar a dtaithí sa réimse agus deir siad go bhfuil gníomhaíochtaí cumarsáide níos éifeachtaí nuair a bhaineann siad le saincheisteanna a bhaineann le catagóir táirgí ar leith. Mar shampla, tá sé níos éasca tuismitheoirí leanaí a fhostú trí labhairt leo faoi fhadhbanna a bhaineann le hait nó bréagáin cúraim leanaí. Seo roinnt samplaí den chur chuige tráthúil seo:

- In Éirinn, scriosadh roinnt tonna bréagán contúirteach. D'úsáid an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí íomhánna iontacha chun cumarsáid a dhéanamh faoi shábháilteacht bréagán; bhí sé sin clúdaithe go han-mhaith ag na meáin áitiúla. Féach: <https://www.youtube.com/watch?v=AXezLVIQmw0>.

- Sa Laitvia, tar éis an scéala go raibh seachtar páistí san ospidéal tar éis maighnéid a ionghabháil, chuir an PTAC ábhair chumarsáide ar fáil d'fheachtais sábháilteachta ar bhréagáin le maighnéid agus cadhnraí cnaipe (<https://www.ptac.gov.lv/lv/rotallietu-drosums>).
- Sa Fhrainc, ardaíonn DGCCRF feachtas tomhaltóirí agus meán maidir le táirgí contúirteacha trí thuarascálacha ar thástálacha ar ghrúpaí táirgí. Féach (mar shampla): <https://www.economie.gouv.fr/dgccrf/secureite-des-objets-electriques-des-taux-de-non-conformite-et-de-dangerosite-trop-elevés>.
- Sa Liotuáin, nuair a thosaigh an VVTAT ag foilsiú faoi tháirgí contúirteacha ar a líonraí meán sóisialta, d'fhás líon a lucht leanúna go han-tapa, go dtí thart ar 5000. <https://webgate.ec.europa.eu/fpfis/wikis/pages/viewpage.action?spaceKey=ProductSafety&title=COMMUNICATION+ACTIVITIES>

Roghanna maidir le comhbhrandáil agus logánú sócmhainní cruthaitheacha

Chun a áirithiú go mbeidh feachtais chumarsáide níos éifeachtaí agus níos athshondaí le tomhaltóirí náisiúnta, ba cheart roghanna maidir le comhbhrandáil nó logánú a bheith san áireamh i sócmhainní cumarsáide.

Is éard atá i **gcomhbhrandáil** ná lógó ÚFManna an chomhpháirtí a chur san áireamh i sócmhainní cruthaitheacha CASP. Is féidir freisin glao ar ghníomhaíocht a bhaineann go sonrach leis an ÚFManna comhpháirtíochta a chur isteach (e.g. nasc chuig suíomh gréasáin áitiúil). Is deis é seo láithreach ÚFM an chomhpháirtí a threisiú agus sócmhainní cruthaitheacha CASP á n-úsáid ag an am céanna.

Is comhoibriú níos déine é **logánú**. Gheobhaidh an ÚFM comhpháirtíochta na sócmhainní cruthaitheacha i gcodanna (íomhánna, lógónna, teimpléid leagan amach, físeán inearthóireachta, etc.). Ansin beidh an ÚFM comhpháirtíochta in ann na teachtaireachtaí CASP a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil agus don phleanáil áitiúil.

I gcomhréir le torthaí shuirbhé ÚFM, tá trí réimse féideartha comhoibríthe ann:

1. is féidir ÚFManna níos lú gan roinn cumarsáide a spreagadh chun sócmhainní cruthaitheacha CASP a roinnt ar a suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta;
2. féadfar cuireadh a thabhairt do ÚFManna níos mó a bhfuil rochtain acu ar roinn bheag cumarsáide oibríochtaí comhbhrandála a dhéanamh;
3. d'fhéadfadh ÚFManna níos mó a bhfuil roinn láidir cumarsáide acu a bheith freagrúil do thairiscint logánaithe iomlán.

Sampla ó chlár CASP roimhe seo



Sampla de bhileog eolais chombhrandáilte

EN

The Coordinated Activities for the Safety of Products (CASP) projects enable all market surveillance authorities from European Union and European Economic Area countries to cooperate in reinforcing the safety of products placed on the European Single Market.

Product scope
The market surveillance authorities agreed to focus on toys with magnets intended for children above and below 36 months of age, including magnetic novelty toys (such as neobuses), which are not explicitly marketed as toys but can be considered as such when they appeal and are accessible to children below 14 years of age.

PUZZLES

TRAIN SETS

BLOCKS OF MAGNETS SOLD AS TOYS

CONSTRUCTION SETS

NOVELTY TOYS

BOARD GAMES

Testing and results

Overall test results (N=145)

including warnings, markings and restrictions

including warnings, markings and restrictions

Measures adopted for samples that did not meet the requirements (N=93)

■ Met the requirements ■ Did not meet the requirements

■ Result of the product from the end user ■ Removal of the product (banning by the online marketplace) + no stop

■ Withdrawal of the product from the market ■ Requesting the economic operator to change/improve the product

■ Ban on the sale of the product ■ Requesting the economic operator to mark the product with appropriate warnings

■ Stop of sales ■ Not reported

1. Cad é CASP?

Cuireann na Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí (CASP) ar chumas Údaráis Faireachais Margaidh ó ó thíortha an Aontais Eorpaigh / an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch comhoibriú agus sábháilteacht táirgí a chuirtear ar an Margadh Aonair a threisiú.

Cuimsíonn CASP2022 ceithre ghníomhaíocht Chothrománacha agus sé ghníomhaíocht a bhaineann go sonrach le Táirgí.

Cuireann **gníomhaíochtaí cothrománacha** fóram ar fáil d'údaráis faireachais margaidh chun smaointe agus dea-chleachtais a mhalmartú. Faoi threoir saineolaí teicniúil, forbraíonn siad cineálacha cur chuige, nósanna imeachta agus uirlisí praiticiúla coiteanna le haghaidh faireachais margaidh.




Déanann **gníomhaíochtaí táirge-shonracha** tástáil ar chineálacha éagsúla táirgí a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur i mbaol. Is iad na húdaráis faireachais margaidh lena mbaineann a roghnaíonn agus a bhailíonn na táirgí agus scrúdaítear iad trí úsáid a bhaint as plean tástála a comhaontaíodh go comhchoiteann.



Ról agus freagrachtaí



2. Plean oibre Gníomhaíochtaí Cothrománacha



Plean cumarsáide a fhorbairt.		Gníomhaíochtaí cumarsáide (cumarsáid inmheánach ar Wiki, ábhair chumarsáide sheachtracha a ullmhú).	
TÚS BÁIRE	OBAIR ALLAMUIGH	TUAIRISCIÚ	CUMARSÁID SHEACHTRACH
Taighde deisce	Tuilleadh taighde ar thopaicí a sainíodh le linn na gcruinnithe tosaíthe	Cruinnithe deiridh – torthaí deiridh a chur i láthair	Seoladh an fheachtais cumarsáide
Conclúidí tosaigh a tharraingt	Bailíochtú deiridh ar chur chuige na ngníomhaíochtaí	Bailíochtú agus plé ar na ceachtanna a foghlaimíodh	
Cuspóirí mionchoigeartaithe	Cruinnithe idirmheánacha a reáchtáil, ionchuir a chomhtháthú	Tuarascálacha deiridh a dhréachtú	
Tús a chur le cruinnithe – cur chuige scagtha	Doiciméid oibre/treorach a thabhairt chun críche agus uirlisí comhroinnte eolais a tháirgeadh	Scaipeadh	Measúnú a dhéanamh ar an tionchar



3. Forbhreathnú ar chur chuige na nGníomhaíochtaí Cothrománacha

0

Próiseas réamh-CASP

- Rinne AS JUST cleachtadh socraithe tosaíochtaí chun topaicí leasa choitinn a roghnú d'údarás faireachais margaidh.
- Roghnaíodh gníomhaíochtaí cothrománacha CASP2022 trí chomhairliúchán a d'eagraigh AS JUST agus léiríonn siad an spéis reatha i bhfaireachas margaidh ar líne, modheolaíochtaí measúnaithe riosca, bainistiú géarchéime, treiseoir cumarsáide agus margaí sráide.

1

Bailiú agus anailís sonraí

- Ag baint úsáid as uirlisí éagsúla, amhail suirbhéanna, agallaimh agus taighde deisce, bhailigh an conraitheoir an t-eolas cúlra riachtanach.
- Rinneadh anailís ar na torthaí chun riachtanais, bearnaí agus dúshlán a aithint.
- Rinneadh cuspóirí agus plean oibre an tionscadail a mhionchoigeartú tuilleadh agus a roinnt ar an ardán inmheánach Wiki in éineacht le torthaí an taighde tosaigh.

2

Cruinniú tosaithe

- Phléigh na húdarás faireachais margaidh rannpháirteacha na spriocanna agus na táirgí insoláthartha le linn chruinniú tosaithe gach gníomhaíochta cothrománacha.
- Bunaithe ar thorthaí taighde deisce agus bailithe sonraí, rinneadh scagadh breise ar an gcur chuige.
- Tar éis an chruinnithe, roinneadh doiciméid oibre ar an ardán Wiki ina raibh an deis ag na húdarás faireachais margaidh tuairimí a mhalartú.

3

Cruinnithe idirmheánacha

- Le linn dhá chruinniú idirmheánacha, cuireadh an dul chun cinn i ngach gníomhaíocht i láthair agus rinne na húdarás faireachais margaidh dul chun cinn ar na doiciméid treorach éagsúla le cabhair ón saineolaí allamuigh ábhartha.
- Mar gheall ar chastacht an ábhair, tionóladh an tríú cruinniú idirmheánach don ghníomhaíocht faireachais margaidh ar líne.

4

Conclúidí, moltaí agus tuairisciú

- Le linn na gcruinnithe deiridh, bhailíochtaigh na húdarás faireachais margaidh an leagan deiridh de na doiciméid ábhartha, agus phléigh siad ceachtanna a foghlaimíodh agus léargais a d'fhéadfadh a bheith ann i ngach gníomhaíocht chothrománach.
- Cuirtear doiciméid oibre/treorach agus uirlisí comhroinnte eolais eile ar fáil do gach údarás chun cabhrú leis an bhfoghlaim a chur i bhfeidhm.

5

Cumarsáid sheachtrach

Seoladh na gníomhaíochtaí cumarsáide seachtraí ag an ócáid deiridh, rud a chuir tús le feachtas faisnéise uile-Eorpach 2-3 seachtaine.

Uirlisí

Cuirtear **tuarascálacha deiridh** ar fáil do gach gníomhaíocht chothrománach agus do thionscadal CASP2022 ina iomláine. Tá siad ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Ioruais agus an Íoslainnis agus scaipeadh iad ar gach údarás faireachais margaidh.

Cainéil

Scaiptear an t-ábhar cumarsáide trí úsáid a bhaint as:

- [Suíomh gréasáin EC CASP](#)
- Bealaí cumarsáide náisiúnta na n-údarás faireachais margaidh
- Preas ábhartha agus páirtithe leasmhara eile

An tAontas Eorpach

Directorate-General for Justice and Consumers
Directorate Consumers
Unit E.4 Product Safety and Rapid Alert System
Email: JUST-RAPEX@ec.europa.eu

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhleantanas i leith iarmhairt ar bith a easraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

© An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhálairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cúí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu). https://europa.eu/european-union/index_ga



Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023
PDF ISBN 978-92-68-03804-8 doi:10.2838/91759 DS-03-23-176-GA-N